STAIR NA HÉIREANN I 100 RÉAD, ROGHA DÍOBH

PLEAN CEACHTA RANG 5 AGUS 6

Ceann Máis Breochloiche c.3300-2800RC

Is ceart duit féachaint go géar ar an réad seo. Is deacair a rá céard é. Cad a cheapann tú féin? D'fhéadfadh sé, dar linne, go bhfuil cuma aghaidhe air ach ní bheidh muid cinnte riamh cad a bhí in intinn na ndaoine a rinne é.

Ceann máis atá ann. Chuirfí maide fada adhmaid isteach sa pholl a bhfuil cuma béil air agus sinne ag féachaint air sa lá atá inniu ann. Baineadh úsáid as másа áirithe, agus an ceann máis i gceangal leo, mar airm a ndéanfaí ionsaí ar naimhde leo. Bhí siad maol, an-bhunúsach agus, chomh minic agus a mhalairt, an-éifeachtach.

Ach ní gnáthcheann máis é seo agus níor úsáideadh é mar arm riamh. Tá sé déanta as breochloch, ar ceann de na clocha is crua dá bhfuil ann é, agus bheadh sé thar a bheith deacair na pátrúin sin a shnoí ar a dhromchla. Dá bhrí sin, cén fáth go gcuirfeá an stró sin ort féin dá bhféadfadh sé tarlú go ndéanfaí damáiste don cheann máis nó go gcaillfí é le linn troda?

Le fírinne, baineann an ceann máis seo le teachtaireacht an-soiléir a thabhairt.

Táimid tábhachtach.

Táimid nua-aoiseach.

Táimid cliste.

Ní gnáth-bhreochloch í an bhreochloch a úsáideadh chun an ceann máis seo a dhéanamh. Breochloch de chineál an-mhín, an-tearc atá ann agus táimid den tuairim anois go ndearnadh an ceann máis in Albain. Is iontach na pátrúin chasta sin go léir ar an dromchla agus níl aon amhras ná go measfaí go raibh an ceann máis ina shaothar ealaíne thar a bheith neamhghnách.

Agus tá sé 5,000 bliain d'aois!

De bhreis air sin, tá daoine tar éis na bíseanna agus ar na pátrúin eile sin a scrúdú go han-chúramach agus chinn siad go bhfuil siad chomh foirfe sin go gcaithfidh sé gur úsáideadh druilire de chineál

éigin. Agus meastar gur rud fíor-iontach é go raibh druilire, fiú amháin ceann an-bhunúsach (gan leictreachas ar ndóigh), á úsáid ag daoine.

Agus mura bhfuil sé sin sách iontach, aimsíodh an ceann máis i dtuama pasáiste Chnóbha i gCo na Mí. Baineadh úsáid as tuamaí pasáiste chun luaithreach na marbh a stóráil agus is eol dúinn gur séadchomharthaí an-tábhachtach a bhí iontu an tráth sin. Luíonn sé le réasún go mbeadh réad urghnách, amhail an ceann máis seo, á choimeád laistigh de thuama pasáiste agus go ndéanfaí é a chur ar taispeáint go hoscailte le linn searmanais speisialta, b'fhéidir.

Rinne daoine a bhí ann an tráth sin cuid mhór staidéir ar an spéir agus, de ghnáth, tógadh áiteanna amhail Cnóbha agus a n-aghaidh ag féachaint amach ar an bpointe sin ar bhun na spéire ina bhfeictear éirí nó luí na gréine ag tráthanna éagsúla den bhliain. Tógadh tuamaí pasáiste i dtíortha eile freisin, amhail an Spáinn agus an Fhrainc agus táimid ag teacht ar an tuairim go raibh siad go léir bainteach lena chéile ar bhealach éigin.

Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go raibh clú idirnáisiúnta ar an gceann máis. Chomh clúiteach sin, b'fhéidir, gur coimeádadh i gCnóbha é le go mbeadh radharc iontach aige ar na réaltaí os a chionn. Cá bhfios, b'fhéidir go rabhthas den tuairim go raibh an chruinne agus an ceann máis in ann cumarsáid a dhéanamh lena chéile ar bhealach éigin.